

Tacaíochtaí do Scoileanna DEIS – I bhFeidhm ón Scoilbhliain 2017/18

Rang Níos Lú (DEIS Banda 1 amháin)

Eisítear Socruithe Foirne do Bhunscoileanna sna Ciorcláin bhliantúla foirne agus leagann siad amach na sceidil atá ag baint le scoileanna DEIS. Tá siad ar fáil ag na naisc seo a leanas:

Ciorclán Bunscoile

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0010_2018_ir.pdf

Meánscoileanna Deonacha

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0007_2018_ir.pdf

Pobalscoileanna & Scoileanna Chuimsitheacha

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0008_2018_ir.pdf

Scoileanna BOO

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0009_2018_ir.pdf

Déanann tairseacha níos ísle iarratas ar scoileanna DEIS Banda 1. Tá na poist a dháiltear ar bhonn sceideal na foirne dírithe ar ranganna príomhshrutha agus ba chóir iad a imlonnú dá réir sin. Iarrtar ar údaráis scoile a chinntiú go gcoinnítear an líon daltaí i ngach rang chomh íseal agus is féidir, agus gach fachtóir cuí comhthéacsúil curtha san áireamh (m.sh cóiríocht ranga, rollú athraitheach srl.) Ní mór d'údaráis scoile áfach, nuair is féidir, a gcuid féinriail a úsáid faoin sceideal foirne chun ranganna níos lú do ranganna sóisearacha a chur i bhfeidhm. Ba chóir do scoileanna Ingearacha Uirbeacha Banda 1 an cóimheas inmholta 20:1 ag leibhéal sóisearach agus 24:1 ag leibhéal sinsearach a chur i bhfeidhm.

Príomhoidí Riaracháin (Banda DEIS 1 agus 2 amháin)

Dáiltear scoileanna DEIS Banda 1 agus Banda 2 poist le haghaidh Príomhoidí Riaracháin/Leas-Phríomhoidí ar thairseach níos ísle ná mar atá i scoileanna nach scoileanna DEIS iad. Leagtar amach na tairseacha cuí sa Chiorclán céanna thuasluaite a eisítear chuig scoileanna gach bliain.

Bunscoileanna

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0010_2018_appendix_b_ir.pdf

Poist le haghaidh Treoirchomhairleoirí – Iarbhunscoileanna

Ón scoilbhliain 2017/18 ar aghaidh, beidh teacht ag gach Iarbhunscoil DEIS ar threoirchomhairleoirí tiomnaithe. Tá na sonraí cuí sna Ciorcláin a leagann amach socruithe foirne bliantúla (féach ar na naisc thuas faoi Rang Níos Lú).

Deontas DEIS (Gach Scoil DEIS)

Faigheann scoileanna atá curtha san áireamh sa Phlean Tacaíochta Scoile faoi DEIS deontas atá bunaithe ar an leibhéal míbhuntáiste comhdhírthe i ngach scoil agus ar rollú na scoile. Íoctar é anuas ar an deontas caipitíochta agus aithnítear ann gur beag acmhainneacht atá ag scoileanna DEIS airgead a thiomsú go háitiúil.

Ba chóir an deontas DEIS a úsáid chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta DEIS d'Fheabhsúcháin a chur i bhfeidhm, a leagann amach spriocanna faoi bhuntéamaí, mar atá Tinreamh, Coimeád, Dul Chun Cinn, Litearthacht, Uimhearthacht, Comhpháirtíocht, Aistriú, Folláine agus Gnóthachtáil Scrúdaithe (Iarbhunscoileanna amháin). Is é príomhchúram na dtéamaí seo go bhfuil siad dírithe ar na daltaí sin ar mó a mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

Tá treoirínte maidir le caiteachas an deontais seo ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Comhionannas-Deiseanna-sna-Scoileanna-a-Sheachadadh-DEIS-/deis_funding_guidelines_ir.pdf

Scéim Deontais um Leabhair Scoile (Gach Scoil DEIS)

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do gach scoil faoin Scéim Saoroideachais do chúnamh airgeadais a sholáthar do leabhair. Faigheann gach scoil sa chlár DEIS deontas leabhair sa bhreis agus dar le Gníomhartha 20 den bPlean DEIS 2017, ní mór do gach scoil DEIS Scéim do Théacsleabhair ar Cíos a bhunú. Tá sonraí a bhaineann leis an deontas breise leabhair ar fáil ag:

Bunscoileanna

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0030_2015_ir.pdf

Iarbhunscoileanna

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0046_2013_ir.pdf

Tá treoirínte foilsithe ag an Roinn chun cúnaimh a thabhairt do scoileanna chun scéimeanna cíosa a bhunú gur féidir teacht orthu ag an nasc seo a leanas:

<https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Scéim-do-Théacsleabhair-ar-Cíos-i-Scoileanna/Treoirínte-chun-Scéimeanna-do-Théacsleabhair-ar-Cíos-a-Fhorbairt-i-Scoileanna.pdf>

Clár Béilí Scoile (Gach Scoil DEIS)

Cuireann an Clár Béilí Scoile, a fheidhmíonn An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, maoiniú ar fáil i gcomhair seirbhísí bia le haghaidh leanaí scoile faoi mhíbhuntáiste ach dhá scéim a chur ar fáil:

- Cuireann Scéim Béilí Scoile na dTionscadal Áitiúil ar scéim neamhrechtúil í, cistiú díreach ón Roinn Coimirce Sóisialaí do bhunscoileanna, d'iarbhunscoileanna agus do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí deonacha áitiúla a oibríonn a dtionscadail béilí scoile féin.
- Scéim Uirbeach na mBéilí Scoile ar scéim reachtach í le haghaidh bunscoileanna a oibríonn údaráis áitiúla agus a pháirtchistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Féachann Clár na mBéilí Scoile le bia rialta cothaitheach a sholáthar do leanaí nach bhfuil ar a gcumas, ar chúiseanna easpa bia shláintiúil, lántairbhe a bhaint as an oideachas a chuirtear ar fáil dóibh. Tá tuilleadh eolais lena n-áirítear ann foirm iarratais ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<http://www.welfare.ie/ga/Pages/School-Meals-Programme.aspx>

Foilsíodh “Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Béilí Scoile” i mí Mheán an Fhómhair 2017, ag an Roinn Sláinte i gcomhar leis an Roinn seo agus leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Áis luachmhar atá sa doiciméad seo chun tacú leis an obair leanúnach bia sláintiúil agus saol sláintiúil a éascú agus a chur chun cinn i scoileanna agus cuideoidh sé le níos mó leanaí lántairbhe a bhaint as a gcuid oideachais chun go mbainfeadh a mbarrchumas amach. Is féidir le gach scoil atá rannpháirteach i gClár na mBéilí Scoile teacht ar an doiciméad ag an nasc seo a leanas:

<http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2017/09/nutrition-guidelines-full.pdf>

Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (Banda DEIS 1, Banda DEIS 2 agus Iarbhunscoileanna DEIS)

Is éard atá i gceist le Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) ná idirghabháil scoilbhunaithe a chuirtear ar fáil do scoileanna DEIS le tabhairt faoi riachtanais daltaí/teaghlach i gceantair faoi mhíbhuntáiste ach ról an tuismitheora mar phríomhoideachasóir a aithint agus a fhorbairt. Baintear é seo amach ach díriú ar theaghlaigh daltaí gur mó a mbaol míbhuntáiste oideachais agus réimse cuí tacúil idirghabhála a chur i bhfeidhm. Is poist lánaimseartha iad poist comhordaitheoirí TBSP, a chomhlíonann múinteoirí cáilithe, agus a dháiltear ar scoileanna DEIS (bunscoileanna uirbeacha agus gach scoil iarbhunscoile). Dáiltear roinnt post TBSP ar bhonn comhroinnte idir scoileanna DEIS (i gcnuasghrúpaí) agus is féidir iad a roinnt i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna araon.

Cé go bhfuil freagracht feidhmiúcháin ar an scéim TBSP ag Seirbhís Leasa Oideachais (SLO) de chuid Tusla, tá an Roinn Oideachais agus Scoileanna freagrach as maoiniú a thabhairt do mhúinteoirí a bhfuil ról an chomhordaitheora TBSP acu i scoileanna DEIS atá rannpháirteach, agus mar gheall air sin, bíonn plé leanúnach aici leis an SLO chun éifeacht na scéime a chinntiú.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an scéim ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<http://www.tusla.ie/services/educational-welfare-services/publications/hsc-publications>

Ba chóir aon cheist a bhaineann leis an scéim TBSP a dhíriú, sa chéad ásc, ar na teagmhálaithe mar atá liostáilte ag:

<http://www.tusla.ie/services/educational-welfare-services/school-support-services-under-the-deis-initiative/home-school-community-liaison-scheme>

Clár Críochnaithe Scoile (CCS)

Gné amháin atá sa Chlár Críochnaithe Scoile de thrí shnáithe Seirbhíse Leasa Oideachais chomhtháite lena n-áirítear Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail agus an tSeirbhís reachtúil Leasa Oideachais. Cuireann an SCP réimse idirghabhála ar fáil a thacaíonn le leanaí agus daoine óga a choinneáil sa chóras oideachais, atá i mbaol gan a mbarr cumais a bhaint amach de thairbhe drochthinrimh, easpa rannpháirtíochta agus drochleibhéal gnóthachtála. Is é an sprioc atá leis an gClár ná daoine óga a choimhead go leibhéal na hArdteistiméireachta, a comhionann, nó leibhéal cuí gnóthachtála a gcuireann ar a gcumas acu aistriú go breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht.

Scoileanna DEIS atá i bhformhór na scoileanna atá curtha san áireamh sa SCP.

Ní chuirfear aon scoil bhreise san áireamh sa SCP don scoilbhliain reatha. Is amhlaidh atá sé seo chun go ndéanfar éascaíocht ar thoradh athbhreithnithe a rinneadh le déanaí a chur i bhfeidhm agus ar athghrúpáil agus athailíniú le seirbhísí SLO a d'fhéadfadh bheith ann.

Tús Áite do Rochtain ar Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS)/ An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Tabharfar tús áite do Scoileanna DEIS a chuireann isteach ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil ó LCS agus SFGM thar scoileanna laistigh den acmhainn reatha. Tabharfaidh an LCS tús áite do Phríomhoidí DEIS atá ag iarraidh teacht ar an tseirbhís oiliúna agus, ar an dioplóma iarchéime i gceannaireacht scoile, a bhfuil líon áiteanna á gcoimhead do mhúinteoirí scoileanna DEIS.

Tabharfaidh SFGM tús áite do scoileanna DEIS cuairteanna scoile ó chomhairleoirí a éascú. Tá roinnt clár atá dírithe ar DEIS a dtugann SFGM tacaíocht dóibh amhail Breith ar an Léitheoireacht, JSCP, srl.

Tús Áite do Rochtain ar na Cláir Incredible Years agus Friends

Is féidir le gach múinteoir i scoileanna DEIS teacht ar na Cláir Incredible Years agus Friends anois a dtacaíonn An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) leo. Iarrtar ar mhúinteoirí i ngach scoil DEIS iarratas a dhéanamh ar áiteanna do na cláir seo atá á reáchtáil trí Lónra na n-Ionad Oideachais.

Clár do mhúinteoirí atá bunaithe ar fhianaise atá in Incredible Years, a dhéanann comhpháirtíocht le tuismitheoirí, a laghdaíonn deacrachtaí iompair agus a neartaíonn cumas sóisialta agus mothúchánach leanaí atá in aois bunscoile. Laghdaíonn an clár Friends imní páistí agus daoine óga idir 4-18 bliain agus cuidíonn sé leo coinneáil suas agus a bheith dianseasmhach agus is féidir le múinteoirí é a chur i bhfeidhm do chách nó é a dhíriú ar grúpaí níos lú daltaí.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an phreaseisiúint faoi iamh a léiríonn na pleananna le haghaidh chur i bhfeidhm na gclár.

<https://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2017-Press-Releases/PR2017-10-09.html>

Naisc Eile chuig Foilseacháin agus Eolas Úsáideach Eile

Plean DEIS 2017 - <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Plean-DEIS-2017.pdf>

Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin i mBunscoileanna DEIS-
<https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirínte-Meastóireachta/Ag-Breathnu-ar-Phleananna-Gníomhaíochta-le-hAghaidh-Feabhsúcháin-i-mBunscoileanna-DEIS.pdf>

Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin in Iar-Bhunscoileanna DEIS-
<https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirínte-Meastóireachta/Ag-Breathnu-ar-Phleananna-Gníomhaíochta-le-hAghaidh-Feabhsúcháin-in-Iar-Bhunscoileanna-DEIS.pdf>

Ag Foghlaim ó Mheasúnú DEIS, foilseachán ITES- <http://www.esri.ie/pubs/RS39.pdf>